

Pre-Hospital
Emergency Care
Council



Chomhairle Chúram
Éigeandála Réamhospidéil

2007

Tuarascáil Bhliantúil

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Clár Ábhar

	Leathanach
Réamhrá	2
Ráiteas Misin	2
Plean Straitéiseach 2006-2009	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Ballraíocht na Comhairle	4
Coistí na Comhairle	5
Ráiteas an Stiúrthóra	9
Foireann CCÉRO	10
Struchtúr Eagraíochta	10
Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2007	11
Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile	12
Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle	13
Freagracht as an gCóras Rialaithe Imheánach Airgeadas	14
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	16
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	17
Clár Comhardaithe	19
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	20

An Chomhairle Um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal,
Teach Mainistir Dún, Sráid Mainistir, Nás Na Rí, Co. Cill Dara, Éire.
Tel: **(045) 882042** Facs: **(045) 882089** Rphost: **info@phecc.ie** **www.phecc.ie**

RÉAMHRÁ

Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamh-ospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe le *hlonstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000* (Ordú Bunaithe) a leasaíodh le *hlonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004* (Ordú Leasaithe). Déanadh na hOrduithe seo faoi *Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961* mar a leasaíodh agus a tugadh faoi reachtaíocht phríomhúil le *hAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007*.

Tháinig ann do CCÉRO in ionad na Comhairle Comhairleach Náisiúnta Otharcharr (CCNO), a bhunaigh an tAire Sláinte i mBealtaine 1998.

RÁITEAS MISIN

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí chaighdeán feabhais a shainiú, a athbhreithniú, a chothabháil le monatóireacht do sholáthar cúraim ardchaighdeán éigeandála réamh-ospidéal do mhuintir na hÉireann.

PLEAN STRAITÉISEACH 2006-2009

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar mionsonraí ar na straitéisí ar leith a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Soláthraíonn an Plean Straitéiseach treoir agus fócas soiléir.

Is iad príomhfeidhmeanna na Comhairle ná:

- A chinntiú go dtagann Institiúidí Oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.
- A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ag an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.
- Treoirínte cleachtas chliniciúil a ullmhú do chúram éigeandála réamh-ospidéal.
- Taighde iomchuí a aimsiú agus a urrú chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram réamh-ospidéal a fhorbairt.
- Caighdeán oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal le tacú le dea-chleachtas.
- Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád.
- Na soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirínte cleachtas chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle chur i láthair don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig 2007, an t-ochtú ceann ó bunaíodh í in 2000.

I rith 2007, d'oibrigh Stiúrthóir agus Foireann na Comhairle go gníomhach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr agus le grúpaí agus eagraíochtaí eile ábhartha, i gcur chuige comhpháirtíochta, chun forbairt agus feabhas a chur ar Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal.

Tugann a Plean Straitéiseach, 2006-2009 treoir don Chomhairle i gcónaí. Tugann an Coiste Iniúchóireachta tacaíocht agus comhairle don Chomhairle ar rialú inmheánach ar a n-áirítear rialachas corparáideach agus ceisteanna iniúchóireachta. In 2007 rinne an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht ar fheidhmiúchán chur chuige bainistíochta riosca.



Mr. Paul Robinson, Cathaoirleach

Ar na nithe a baineadh amach in 2007 bhí:

- feidhmiú leanúnach céimneach ar chlár CCÉRO agus síneadh go heagraíochtaí cúntacha agus príobháideacha; bhí 2217 cláraí ann, 98 ard-pharaimhíochaineoir, 1947 Paraimhíochaineoir agus 172 EMT ag deireadh 2007. Bhí rannpháirtíocht na gcleachtóirí, na gceardchumann agus na bainistíochta thar barr.
- bunú Tionscadail Taighde Bainistíochta Struis Teagmhais Chriticiúil, i gcomhar leis an FSS, an Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta agus NUI Má Nuad.
- cur i bhfeidhm Caighdeán an CCÉRO a leagann amach riachtanais oiliúna agus oideachais i 6 leibhéal thar réimse leathan freagróirí (Céadfheagairt Chairdiach, Garchabhair ag an Obair, Céadfheagairt Éigeandála) agus cleachtóirí cláraithe cúraim éigeandála réamh-ospidéal (Teicneoir Míochaine Éigeandála, Paraimhíochaineoir, Ard-Pharaimhíochaineoir).

Táim buíoch de bhaill na Comhairle agus na gCoistí Éagsúla a leanann a dtiomantas agus a ndíograis ag cur i bhfeidhm físe an CCÉRO. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, thar ceann na Comhairle, leis an Stiúrthóir, an Dr Geoff King, leis an gCláraitheoir, Mr Barry O'Sullivan agus le foireann uile an CCÉRO as ucht a gcuid dianoibre agus a dtiomantas, a bhí agus atá riachtanach don dul chun cinn atá á dhéanamh.

Is oth liom a rá go bhfuair ball amháin den Chomhairle bás go luath in 2007 tar éis finnis ghearr agus tá sé tábhachtach go n-aithneofaí cion tairbhe luachmhar Martin Gallagher don Chomhairle agus don Choiste Iniúchóireachta.

Thar ceann na Comhairle, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí as ucht a dtacaíocht leanúnach agus a gcistiú, agus go háirithe as faomhadh a dhéanamh ar fhoireann bhreise (2) i 2007. Is maith a thuigeann an Chomhairle cad é an méadú ollmhór atá ar an ualach oibre le blianta beaga anuas.

Tuigim gurb é seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh de mo Chathaoirleacht tar éis dom 2 théarma iomlán 4 bliana a chur isteach faoi lár 2008. Ba phribhléid dom é gur ceapadh mé agus a bheith ag obair leis an oiread sin daoine tiomanta i gcaitheamh na 8 mbliana.

Mar chuid dá tiomantas do dhea-chleachtas i rialachas, beidh an Chomhairle ag féachaint ar ar bhain an CCÉRO amach agus ar na dúshláin dá céad 8 mbliana go luath in 2008. Tá tús curtha agam freisin le hathbhreithniú ar ról agus ar bhallaíocht Choiste na Comhairle agus an Ghrúpa Oibre. Ar an mbealach seo, tá súil ag an gComhairle leanúnachas rialachais a chinntiú agus aistriú réidh chuig an gComhairle atá ag teacht isteach.

BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE

Ballraíocht na Comhairle

Ballraíocht na Comhairle ar an 31ú Nollaig 2007

Achoimre ar athruithe ballraíochta in 2007: Fuair Mr. Martin Gallagher bás le linn téarma a bhallraíochta.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:

**Cathaoirleach**

Mr. Paul Robinson
Comhairleach Bainistíochta
Cúraim Sláinte

**Leaschathaoirleach**

An tOll Gerard Bury
An tOllamh le
Cleachtas Ginearáta,
Coláiste na hOllscoile BÁC

**Cathaoirleach**

Coiste Cúraim Chliniciúil
Mr. Sean Creamer
Ard-Pharaimhíochaineoir,
Seirbhís Otharchair Réigiúin
an Oirthir FSS

**Cathaoirleach**

Grúpa Comhairleach Míochaine
Mr. Mark Doyle
Comhairleach Éigeandála Míochaine
FSS Ceantar an Oirdheiscirt

**Cathaoirleach**

An Coiste Creidiúnaithe
Ms. Julie Woods
Altra Cláráithe

**Cathaoirleach**

Grúpa Oibre Cóimheasa
Mr. Gabriel Glynn
Paraimhíochaineoir,
FSS Ceantar an Iarthair



Mr. John Duggan
Paraimhíochaineoir,
FSS Ceantar an Deiscirt



Mr. Pat Gaughan
Comhairleach Bainistíochta
Cúraim Sláinte



Mr. David Hall
Stiúrthóir Cuideachta,
Seirbhís Phriobháideach Otharchair



Mr. Pat Hanafin
Paraimhíochaineoir,
FSS Ceantar an Deiscirt



Mr. Frank O'Malley
Paraimhíochaineoir,
FSS Ceantar an Mheán-Iarthair



Mr. Michael Garry
Oifigeach Ceantair,
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath



Mr. Macartan Hughes
Stiúrthóir,
Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr



Mr. Pat McCreanor
Ard-Pharaimhíochaineoir,
FSS Seirbhís Otharchair Réigiúin an Oirthir

COISTÍ NA COMHAIRLE

Coistí na Comhairle

Tugann na Buancoistí agus na Grúpaí Oibre cúnamh agus comhairle don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

Coiste Cúraim Chliniciúil

Téarmaí tagartha: Chun breithniú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar ghnéithe de cheisteanna cúraim chliniciúil atá le/faoi mheas ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine (GCM), ag an gCoiste Creidiúnaithe agus ag an gComhairle.

Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2007: Tháinig folúntas i gceist i rith 2007 toisc gur thág Philip Lane, Aonad Bainistíochta Tionscadal FSS.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:

Mr Sean Creamer
Mr Paul Robinson
An tOll Gerard Bury
Mr Mark Doyle
Ms Julie Woods
Mr Pat Hanafin
Mr John Duggan
Mr David Hall
Mr Pat Gaughan
Mr David Sherwin
Mr Pat Grant

Cathaoirleach

Cathaoirleach na Comhairle
Leaschathaoirleach na Comhairle
Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairleach Míochaine
Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe
Paraimhíochaineoir na hEarnála Poiblí
Paraimhíochaineoir na hEarnála Poiblí
Ionadaí na dTomhaltóirí
Ball den Chomhairle
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Seirbhís Náisiúnta Otharchair FSS

Coiste Creidiúnaithe

Téarmaí tagartha: Moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le haitheantas na nInstitiúidí Oiliúna d'oideachas agus d'oiliúint i dTeicneolaíocht Míochaine Éigeandála.

Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2007: Ní raibh aon athruithe le linn 2007.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:

Ms Julie Woods
Mr Paul Robinson
An tOll Gerard Bury
Mr Sean Creamer
Mr Mark Doyle
Mr Gabriel Glynn
Mr Frank O'Malley
Mr David Hall
Ms Ursula Byrne
Mr Macartan Hughes
Mr Michael Garry
An tOll Paul Finucane
An Dr. David McManus
Mr Stephen McMahon

Cathaoirleach

Cathaoirleach na Comhairle
Leaschathaoirleach na Comhairle
Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil
Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairleach Míochaine
Paraimhíochaineoir na hEarnála Poiblí
Paraimhíochaineoir na hEarnála Poiblí
Ionadaí na dTomhaltóirí
Oideachas agus Traenáil, Altranas
Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr
Institiúid Oiliúna Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Oideachas agus Traenáil, Míochaine
Seirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann
Cumann Othar na hÉireann

An Coiste Scrúdaithe Cáilíochta

Téarmaí tagartha: Cáilíocht an Scrúdaithe NQEMT a dheimhniú agus moltaí a dhéanamh do an/na coist(i) iomchuí.

Achoimre ar athruithe ballraíochta in 2007: Fuair Mr. Martin Gallagher bás le linn a thréimhse ballraíochta agus tháinig Mr Pat Gaughan i gcomharbacht air (Feabhra 2007). D'éirigh an Dr Mags Bourke, Comhairleoir Míochaine/Ainéistéis as a post agus tháinig an tOll. Gerard Bury i gcomharbacht uirthi.

COISTÍ NA COMHAIRLE

Coistí na Comhairle

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:

An Dr Geoff King	Ball d'fhoireann an CCÉRO
Ms Pauline Dempsey	Ball d'fhoireann an CCÉRO
Mr Brian Power	Ball d'fhoireann an CCÉRO
Mr Ricky Ellis	Ball d'fhoireann an CCÉRO (Nollaig)
Mr Sean Creamer	Seirbhís Otharchair Réigiún an Oirthir FSS
Mr David Sherwin	RCSI (Aibreán)
Mr Mark Wilson	DFB/RCSI (Aibreán)
An tOll Gerard Bury	NASC/UCD (Nollaig)
Mr Shane Knox	NASC/UCD

An Coiste Achomhairc

Téarmaí tagartha: Measúnú a dhéanamh ar achomhairc a déanadh chuig an Stiúthóir ar an lá céanna leis an scrúdú (praiticiúil) agus laistigh de cheithre sheachtain ó thoradh an scrúdaithe a bheith curtha ar fáil (teoiric). Ní féidir le ball a bheith ina bhall den Choiste Cáilíochta don scrúdú áirithe sin.

Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2007: Ní raibh aon athruithe le linn 2007.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:

An tOll Paul Finucane	Cathaoirleach
Mr David Hall	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle
Mr John Duggan	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle
Mr Frank O'Malley	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle
Mr Gabriel Glynn	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle

An Coiste Iniúchóireachta**Téarmaí tagartha:**

- Scrúdú a dhéanamh ar leogacht nádúir, fairsinge agus éifeacht na gcóras cuntasáochta agus rialaithe inmheánacha.
- Teacht leis an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaigh agus le feabhas a chur uirthi agus tacú léi.

Achoimre ar athruithe ballraíochta in 2007: Fuair Mr. Martin Gallagher bás le linn a thréimhse ballraíochta agus tháinig Mr Pat Gaughan i gcomharbacht air.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:

Mr Con Foley	Cathaoirleach
Mr Seoirse Ó hAodha	Speisialtóir airgeadais
Mr David Hall	Ball den Chomhairle
Mr Pat Gaughan	Ball den Chomhairle
Ms Pauline Dempsey	Ball d'fhoireann an CCÉRO

COISTÍ NA COMHAIRLE

Coistí na Comhairle

Grúpa Comhairleach Míochaine

Téarmaí tagartha: Measúnú a dhéanamh ar cheisteanna míochaine a chuir an Chomhairle, na Coistí Cúraim nó Creidiúnaithe nó oifig an CCÉRO faoina bhráid agus tuairisciú don Chomhairle tríd an gCoiste Cúraim Chliniciúil.

Achoimre ar athruithe ballraíochta in 2007: D'éirigh an Dr Mags Bourke, Comhairleoir Míochaine/Ainéistéisí as a post i mBealtaine 2007 agus tháinig David Janes i gcomharbacht uirthi.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007:**1. Comhairleach Míochaine - Seirbhís Otharchair (cineálach)**

Mr Mark Doyle	Cathaoirleach
Mr Stephen Cusack	FSS Ceantar an Deiscirt, Comhairleach Míochaine
Mr Connor Egleston	FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt, Comhairleach Míochaine
An Dr John O'Donnell	FSS Ceantar an Iarthair, Comhairleach Míochaine
An Dr Cathal O' Donnell	FSS Ceantar an Mheán-Iarthair, Comhairleach Míochaine
Mr Richard Lynch	FSS Ceantar Lár Tíre, Comhairleach Míochaine
Mr Fergal Hickey	FSS Ceantar an Iarthuaiscirt, Comhairleach Míochaine
Mr Geoff Keye	FSS Ceantar an Iarthair, Comhairleach Míochaine
Mr Peter O'Connor	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Comhairleach Míochaine

2. Oifigeach Oilíúna agus Forbartha - Seirbhís Otharchair (cineálach)

Mr Danny O'Regan	FSS Ceantar an Deiscirt, Oifigeach O&F
Mr John Burton	FSS Ceantar an Mheán-Iarthair, Oifigeach O&F
Mr Brendan Whelan	FSS Ceantar Lár Tíre, Oifigeach O&F (Gníomhach)
Mr Declan Lonergan	FSS Ceantar an Oirdheiscirt, Oifigeach O&F
Mr Lawrence Kenna	FSS Ceantar an Oirthir, Oifigeach O&F
Mr Fergus McCarron	FSS Ceantar an Iarthuaiscirt, Oifigeach O&F
Mr Michael Seaman	FSS Ceantar an Oirthuaiscirt, Oifigeach O&F
Mr Vincent O'Connor	FSS Ceantar an Iarthair, Oifigeach O&F

3. Institiúidí Oilíúna creidiúnaithe ag CCÉRO (cineálach)

Mr Macartan Hughes	Stiúthóir, Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharchair
Mr Martin O' Reilly	Oifigeach Stáisiúin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

4. Dhá ionadaí ó Sheirbhís Otharchair Thuaisceart Éireann ar aon dul le (1) & (2)

Mr Brian McNeill	Seirbhís Otharchair Thuaisceart Éireann, Stiúthóir Oibríochtaí
An Dr David McManus	Seirbhís Otharchair Thuaisceart Éireann, Stiúthóir Míochaine

5. Cathaoirleach na gCoistí Cúraim Chliniciúil agus Creidiúnaithe (cineálach)

Mr Sean Creamer	Cathaoirleach an Choiste Cúraim Chliniciúil
Ms Julie Woods	Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe

6. Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (cineálach)

Mr Paul Robinson	Cathaoirleach na Comhairle
An tOll Gerard Bury	Leaschathaoirleach na Comhairle

7. Duine de gach cineál acu seo: Lia Míochaine Éigeandála, Dochtúir Ginearálta, Péidiatraí (ar cheapachán indibhidiúil atá ann faoi láthair), Ainéistéisí agus Altra Cláraithe nach bhfuil ina b(h) all cheana féin trí (1) go (7).

COISTÍ NA COMHAIRLE

Coistí na Comhairle

Grúpa Oibre Cóimheasa

Téarmaí tagartha: Moladh a dhéanamh don Chomhairle maidir leo seo a leanas:

- Cinneadh a dhéanamh ar fhiúntas an mholta go mbronnfaí Cáilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála (Rialaitheoir)
- Na comhpháirteanna riachtanacha d'Oiliúint Tosaigh agus d'Forbairt Leanúnach Gairmiúil (ar ghá iad a bheith i gceist i ndruchtú curaclaim) a aithint
- Ceistanna eile maidir le Rialú a bhfuil gá le sainmhíniú agus forbairt orthu agus atá laistigh de shainchúram an CCÉRO a aithint agus moladh a dhéanamh don Chomhairle ar conas ab thearr iad a chur chun cinn.

Achoimre ar athruithe ballraíochta in 2007:

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2007: Ní raibh aon athruithe le linn 2007.

Mr Gabriel Glynn
An tOll Gerry Bury
Mr Sean Creamer
Mr Brendan Crowley
Mr Pat McCreanor
Mr William Merriman
Mr John Moody
Mr Hugh O'Neill
Mr Gabe McClean
Mr Joe Smith
Mr Shane Knox

Cathaoirleach

Ollamh le Cleachtas Ginearálta
Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil
Rialtóir, FSS Ceantar an Deiscirt
Príomhoifigeach Otharchair, FSS Ceantar an Oirthir
Rialtóir, FSS Réigiún an Oirthir
Fo-Oifigeach/Rialtóir, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Príomhoifigeach Dóiteáin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Seirbhís Otharchair Thuaisceart Éireann
Oifigeach Caidrimh, FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt
Teagascóir Oiliúna agus Forbartha, NASC

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Ráiteas an Stiúrthóra

Sa tuarascáil bhliantúil seo tugaimid uasdhatú ar ár ndul chun cinn agus táimid ag tnúth le dúshlán na bliana atá romhainn.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí agus do thiomantas an Chathaoirligh agus bhaill uile na Comhairle i rith na bliana seo caite. Tá a lán bainte amach in 2007 i gcomhpháirt le hobair dhúthrachtach fhoireann an CCÉRO:



An Dr. Geoff King, Stúirthóra

- Leanann an CCÉRO le scrúduithe náisiúnta a chur ar siúl do Pharaimhíochaineoirí (an 17ú ceann i Meán Fómhair) agus Ard-Pharaimhíochaineoirí (an 7ú ceann ar siúl) agus faoi dheireadh 2007 bhí siad seo críochnaithe go sásúil ag beagnach 108 Paraimhíochaineoir agus os cionn 38 Ard-Pharaimhíochaineoir
- bhain na chéad Ard-Pharaimhíochaineoirí in Éirinn a gcáilíocht amach in 2005 agus tá 98 anois againn go náisiúnta
- tá eagraíochtaí cúntacha, deonacha agus príobháideacha anois in éineacht le soláthróirí seirbhíse reachtúil maidir le haitheantas a bhaint amach ón CCÉRO mar institiúidí oiliúna chun cúrsaí a bhíonn faofa ag an CCÉRO a sholáthar
- tá Caighdeán Céadfhreagairt Chairdiach (CFC) an CCÉRO curtha ag an Údarás Sábháilteachta agus Sláinte (ÚSS) sna riachtanais do Theastasú Garchabhair ag an Obair (GCO)
- foilsíodh (9) naoi dTreoirleá Cleachtais Chliniciúil le tacú le Caighdeán CFC
- tá an Tuarascáil Náisiúnta leictreonach um Chúram Othar (ePCR) a chur i bhfeidhm anois i gCeantar Thoir Thuaidh an FSS
- tá an tionscadal náisiúnta, Comhtháthú & Oiliúint Fhreagróirí Míochaine Éigeandála (COFMÉ) á chur i bhfeidhm go céimneach ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD) chun éascú a dhéanamh ar rólanna iomchuí do Dhochtúirí Ginearálta i gcúram réamh-ospidéal, i gcomhoibriú leis na Seirbhísí Otharchair, agus tá sé gníomhach anois i 7 de na 10 gceantar FSS
- tá an CCÉRO tar éis leanúint lena clár taighde anailíse spásúlachta chun treoir a thabhairt do dheaimhlonnú otharchair, Ard-Pharaimhíochaineoirí agus Freagróirí
- tá frámaíocht á fhorbairt ag grúpa oibre Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do FGL faoi threoir an Choiste Cúraim Chliniciúil
- táthar ag leanúint leis an teagmháil leis na hearnála príobháideacha, deonacha agus cúntacha a bhfuil baint acu le cúram réamh-ospidéal
- tá póstaer agus foilseachán an CCÉRO View, ag cabhrú le ról, feidhmeanna agus tionscnaimh an CCÉRO a mhíniú don phobal i gcoitinne.

Bhí an CCÉRO rannpháirteach i dTascfhórsa ar Bhás Tobann Cairdiach agus tá a thuarascáil lárnach i dtreorú cláracha oibre CCÉRO.

Is mian liom sa Tuarascáil Bhliantúil seo buíochas ar leith a ghabháil le Cathaoirleach an CCÉRO, Mr Paul Robinson, as ucht na ceannaireachta a léirigh sé ó bunaíodh an CCÉRO i 2000. Sa mhéid seo fuair sé tacaíocht ó fhuinneamh agus saineolas an Leaschathaoirligh, Cathaoirligh na gCoistí agus na nGrúpaí Oibre agus gach Ball den Chomhairle. Trí cheannaireacht Paul, agus an tacaíocht thar an gcoitiantacht atá faighte aige, tá céimeanna móra tógtha chun an pobal a chosaint trí chúram réamh-ospidéal a chur chun cinn in Éirinn.


Táimse, an Clárithoir Barry O'Sullivan agus foireann an CCÉRO ag tnúth le tacaíocht a thabhairt don Chomhairle Nua le leanúint leis an dea-obair.

FOIREANN CCÉRO

Foireann CCÉRO

Stiúrthóir	An Dr. Geoff King
Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir	Barry O'Sullivan
Oifigigh Forbartha Cláir	Pauline Dempsey Brian Power Jacqueline Egan Ricky Ellis
Cúntóir an Stiúrthóra/ Rúnaí na Comhairle	Marian Spence/Patricia Leng
Foireann Tacaíochta Seirbhísí Cliant	Marie Ní Mhurchú Liz Dempsey Claire Finn Deirdre McHugh/Sharon Gallagher Margaret Feeney Anne Keogh Jill Mason
Foireann Tacaíochta Seirbhísí Corporáideacha	Sylvia O'Mahony John Lally Bernadette Downey

Struchtúr na hEagraíochta, Nollaig 2007



RÁITIS AIRGEADAIS

DON



BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG, 2007

RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile**Baill na Comhairle**

Mr. Paul Robinson, Cathaoirleach	Mr. John Duggan
An tOllamh Gerard Bury, Leaschathaoirleach	Mr. Mark Doyle
Mr. Sean Creamer	Mr. Michael Garry
Mr. Gabriel Glynn	Mr. Pat Gaughan
Mr. Pat Hanafin	Mr. David Hall
Mr. Macartan Hughes	Mr. Pat McCreanor
Mr. Frank O'Malley	Ms. Julie Woods

Stiúrthóir

An Dr. Geoff King

Baincéirí

Banc Aontas Éireann
An Phríomhshráid
Nás na Rí
Co Chill Dara

Seoladh Gnó

Teach Mainistir Dún
Sráid na Mainistreach
Nás na Rí
Co Chill Dara

Iníúchóir

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle

Éilíonn Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 ar an gComhairle ráitis airgidis, a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann fíorléiriú cothrom ar chúraimí na Comhairle agus ar a hioncaim agus a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:


- polasaithe oiriúnacha cuntasáiochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- cloí leis na Caighdeáin ábhartha Cuntasáiochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a thiomhdaí go leanfar le feidhmiú na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal.

Tá freagracht ar an gComhairle cuntais chearta cuntasáiochta a choimeád, a nochtann staid airgeadais na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá freagracht uirthi freisin maidir le cosaint shóchmhainní na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le cosc agus le brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

RÁITEAS AR AN gCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNACH AIRGEADAIS
Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007**Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais**

Aithnímid, thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO), ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais.

Tá freagracht ar an CCÉRO tríd an Stiúrthóir as monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Déantar córas rialaithe inmheánach a dhearadh chun laghdú a dhéanamh seachas deireadh a chur le riosca. Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil sóchmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stoptar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.


Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha ann ag an CCÉRO chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:


- I. Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an CCÉRO le línte dearfa cuntasachta, freagrachta agus tuarascála;
- II. Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais sa CCÉRO doiciméadaithe i mapáí próisis sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC);
- III. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCÉRO maidir le leithscaradh dualgas agus údarú caiteachais;
- IV. Oibríonn an CCÉRO Córas Airgeadais TAS agus SAGE chun éascú a dhéanamh ar chleachtas cuntasáíochta airgeadais agus mionrian iniúchta a sholáthar ar gach idirbheart;
- V. Déantar monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcomparáid leis an bplean gnó. Cuirtear na tuairiscí faoi bhráid an Stiúrthóra chun meastóireachta agus gníomhaíochta iomchuí;
- VI. Ullmhaítear tuairisc mhíosúil ar an staid airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí agus cuirtear faoi bhráid na Roinne í
- VII. Tá Coiste Iniúcháireachta ann a thagann le chéile trí huairé i rith na bliana. Thug an coiste seo tuairisc don Chomhairle ar an 13ú Nollaig 2007.
- VIII. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánach a eolasú le tuairisc an Choiste Iniúcháireachta, le hobair an Iniúcháir Inmheánaigh, na mBainisteoirí Feidhmiúcháin inár gComhairle a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil na frámaíochta rialaithe airgeadais, agus le moltaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn iniúchta nó ina litreacha bainistíochta.
- IX. Coimeádtar Baill na Comhairle ar an eolas maidir le ceisteanna airgeadais, rialaithe agus rialachais ghinearálta chorparáideacha trí chruinnithe na Comhairle a bhíonn ar siúl ar bhonn rialta.

Rinne gnólacht seachtrach Cuntasóirí athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh i rith 2007; rinne an Coiste Iniúcháireachta agus an Chomhairle athbhreithniú agus faomhadh ar an gcleachtas seo.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2007.



Cathaoirleach



Stiúrthóir

RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

Réamhrá

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal faoi Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000, Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 agus leasaíodh í le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 trí Ordú (Leasú) 2004.

Is iad príomhfhéidhmeanna na Comhairle ná:

- (a) A chinntiú go dtagann Institiúidí Oiliúna agus ábhar na gcúrsaí dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.
- (b) A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.
- (c) Treoirínte cleachtas chliniciúil a ullmhú do chúram éigeandála réamh-ospidéal.
- (d) Taighde iomchuí a aimsiú agus a urrú chun teoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram réamh-ospidéal a fhorbairt.
- (e) Caighdeán oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal chun tacú leis an gcleachtas is fearr.
- (f) Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád.
- (g) Na soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirínte cleachtas chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.

RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta**(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo, ach mar atá léirithe thíos.

(2) Ioncam agus Caiteachas

Déileáiltear leis an leithdháileadh neamhchaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a chuirtear i bhfeidhm chun críche caipitil agus a gcuirtear le sócmhainní seasta dá bharr chuig an gCuntas Ciste Caipitil.

Nuair a úsáitear cuid den leithdháileadh neamhchaipitil chun cistiú a dhéanamh ar thionscadail, a fhaigheann leithdháilte caipitil freisin, tógtar an chuid a bhaineann le cistiú neamhchaipitil chuig an gCuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais.

Déileáiltear le leithdháilte caipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí sa Chuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais. Is ionann comhardú ar an gcuntas seo agus bharrachas/easnamh ar chistiú do thionscadail a sholáthraíonn an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán caipitil dóibh.

(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Gearrtar dímheas bliana iomlán sa bhliain ceannaithe. Luaitear gach Sócmhainn Sheasta a fhaightear, is cuma cad is foinse don chistiúchán ar chostas lúide dímheas. Ní gearrtar dímheas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéise den Chuntas Ciste Caipitil, ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar dímheas ar na rátaí bliantúla seo a leanas:

Trealamh TFC:	33.3% de réir méid chothroim.
Trealamh Eile:	20.0% de réir méid chothroim.

(4) Cuntas Ciste Caipitil

Is ionann an Cuntas Ciste Caipitil agus luach neamhamúchta an chistiúcháin a sholáthraítear do shócmhainní seasta.

(5) Aoisliúntas

Ar ordú ón Aire Sláinte agus Leanaí, níl aon soláthar déanta maidir leis na sochair atá iníoctha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil toisc go ndéanann an tAire Sláinte agus Leanaí frithghealladh ar an dlíteanas. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar bhail den scéim iad chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad.

Cuireadh na ráitis airgeadais seo ar chuid den tuarascáil bhliantúil iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá siad ar feitheamh le deimhniú.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

Ioncam	Nótaí	2007	2006
		€	€
Leithdháileadh an Roinn Sláinte agus Leanaí		4,116,713	2,812,000
Ioncam Eile	4	161,253	132,427
		<u>4,277,966</u>	<u>2,944,427</u>
Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil chun cistiú a dhéanamh ar Shócmhainní Seasta		(12,240)	(51,604)
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil	17	<u>(701,863)</u>	<u>(212,221)</u>
		<u>3,563,863</u>	<u>2,680,602</u>
Caiteachas			
Costais Fostaithe	3	836,924	743,626
Costais a Bhaineann leis an bhFoireann	5	76,530	67,839
Costais Chóiríochta agus Forais	6	103,840	111,232
Earcú agus Meáin	7	43,042	67,524
Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	8	37,222	30,999
Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara	9	49,195	57,284
Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	10	185,809	94,619
Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	11	100,171	53,690
Costais na Comhairle/an Choiste	12	146,951	73,320
EMS T&F, Tionscadail Speisialta, Deontais	13	<u>1,973,918</u>	<u>1,408,183</u>
		<u>3,553,602</u>	<u>2,708,317</u>

Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carnach (Easnamh)

Barrachas (Easnamh) don bhliain	10,261	(27,715)
Barrachas ar an 1 Eanáir 2007	(14,856)	12,859
Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig 2007	(4,595)	(14,856)

Lasmuigh de Dhímheas ar Shócmhainní Seasta agus Amúchadh a ndéantar déileáil leis tríd an gCuntas Ciste Caipitil, áiríodh gach brabús nó cailteanas aitheanta le teacht ar bhreis an chaiteachais ar ioncam.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

Tá na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS CHAIPITIL

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007

	Oscailt Iarmhéid	Ioncam			Caite
		RSL Caipiteal Cistíocht	Neamh Caipiteal I & C Cuntas	Iomlán Ioncam	Iomlán
Tionscadal	€	€	€	€	€
Spásanaíls	0	161,863		161,863	161,863
MERIT	0	390,000		390,000	390,000
DFB ICT ePCR	0	150,000		150,000	150,000
Sócmhainní Seasta	0		12,240	12,240	12,240
Iomlán	0	701,863	12,240	714,103	714,103

Anailís ar Chaiteachas Caipitil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

Caiteachas Caipitil a dtagann ann do shócmhainn sheasta dá bharr

€12,240


Caiteachas Caipitil nach dtagann ann do shócmhainn sheasta dá bharr

Deontais do Ghníomhaireachtaí Eile:


Spásanaíls	161,863
MERIT	390,000
DFB ICT ePCR	150,000
	<u>€701,863</u>

Caiteachas Iomlán Caipitil**€714,103**

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle


Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

CLÁR COMHARDAITHE

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Sócmhainní Seasta	16	128,831	371,239
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		71,932	31,249
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	15	38,374	87,490
		<u>110,307</u>	<u>118,739</u>
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	14	115,901	133,594
Sócmhainní Glana Reatha		(5,595)	(14,855)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha		<u><u>123,236</u></u>	<u><u>356,384</u></u>
Maoinithe Ag			
Cuntas Ciste Caipitil	17	128,831	371,239
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(5,595)	(14,856)
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil		0	0
		<u><u>123,236</u></u>	<u><u>356,384</u></u>

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007.

2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán díreach don Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO).

3. Sonraí ar Fhostaithe agus Luach Saothair

Ceithre dhuine dhéag líon iomlán na foirne, mar a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 31 Nollaig 2007. Ba é a bhí ann fo fírinneach ná 14 buan, 2 den Fhoireann ar Chonradh agus 1 Sealadach. Ba iad costais chomhlána na fostaíochta ná:

	2007	2006
	€	€
Tuarastail Foirne (Comhlán)	667,374	621,246
ÁSPC Fostóra	47,656	45,918
Foireann ar Chonradh	94,247	41,718
Foireann Shealadach	27,647	34,744
	<u>836,924</u>	<u>743,626</u>

4 Ioncam Eile

	2007	2006
	€	€
Táillí Clárúcháin	333	38,170
Ioncam Úis	26,877	232
Táillí Creidiúnaithe agus Scrúdaithe	34,829	13,427
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	99,214	80,598
	<u>161,253</u>	<u>132,427</u>

5 Costais a Bhain leis an bhFoireann

	2007	2006
	€	€
Taisteal agus Cothabháil Foirne	62,819	57,271
Oiliúint agus Forbairt Foirne	13,226	10,569
Costais Eile Foirne	485	0
	<u>76,530</u>	<u>67,839</u>

6 Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta

	2007	2006
	€	€
Cíos & Costais Oifige	81,498	81,498
Leictreachas (Solas & Teas)	9,285	9,052
Athchóiriú Oifige		8,633
Cothabháil Ghinearálta	2,203	4,036
Glanadh	3,355	2,760
Lónadóireacht / Soláthar Cistine	7,500	5,253
	<u>103,840</u>	<u>111,232</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

7 Costais Earcaíochta & na Meáin

	2007	2006
	€	€
Na Meáin agus Earcaíocht	43,042	67,524
	<u>43,042</u>	<u>67,524</u>

8 Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta

	2007	2006
	€	€
Táillí Díl	6,448	5,263
Comhairleacht TEC	0	3,025
Comhairliúchán agus Táillí Proifisiúnta - Ilghnéitheach	11,060	5,503
Táillí Comhairliúcháin - Airgeadas	9,488	7,133
Iníúchadh Inmheánach	2,226	2,395
Táillí Iníúcháireachta	8,000	7,680
	<u>37,222</u>	<u>30,999</u>

9 Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara

	2007	2006
	€	€
Láithreacha an Bhoird Scrúdaithe	1,050	1,070
Trealamh / Anailís - Scrúdaithe	9,990	19,522
Scrúdaitheoirí Seachtracha	38,155	36,692
	<u>49,195</u>	<u>57,284</u>

10 Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta

	2007	2006
	€	€
Stáiseanáireacht	16,293	17,419
Teileafón & Fóin Phóca	20,034	19,276
Postas & Teachtairí	25,275	21,043
Trealamh Oifige	7,028	5,968
Priontáil/Tuarascálacha Bliantúla/Teastais	88,643	17,987
Árachas	3,525	3,455
Gléasanna Cóipeála/ Conarthaí Seirbhíse etc	6,983	353
Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéis	6,548	3,535
Ús agus Táillí Bainc	1,161	1,002
Ilnithe & Mionairgead	2,605	2,094
Ballraíocht i gComhlachtaí	7,714	2,487
	<u>185,809</u>	<u>94,619</u>

11 Faisnéis, Cumarsáid & Teicneolaíocht

	2007	2006
	€	€
Bogearraí agus Nithe Forimeallacha	28,461	24,896
Ceadúnais agus Tacaíocht TEC	71,709	28,794
	<u>100,171</u>	<u>53,690</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007

12 Costais Chomhairle/Choiste

	2007	2006
	€	€
Baill na Comhairle	62,599	34,704
Gnó na Comhairle	12,560	12,252
Coiste Creidiúnaithe	6,140	2,477
Coiste Cúraim Chliniciúil	2,829	2,202
Grúpa Comhairleach Míochaine	13,544	9,557
Grúpaí Eile Oibre/Comhairleacha	49,280	12,128
	<u>146,951</u>	<u>73,320</u>

13 EMS T&F, Tionscadail Speisialta & Deontais

	2007	2006
	€	€
Foras Croí na hÉireann	113,000	113,000
Tionscadal Forbartha Acmhainne - Scannacháin	112,387	20,509
Tionscnamh ePCR	372,925	50,820
Urraíocht Chomhdhála	60,000	35,000
Taighde Spásanaíse	0	13,854
Cistiúchán Forbartha Ardpharaimhíochaine	501,880	850,000
Comhtháthú Láithreach ar Chúram	250,000	325,000
Forbairt ISIC CPD	10,000	0
Tionscadal Tí Imréitigh Ollscoil Luimnigh	125,000	0
Céadfheagairt Chairdiach (CFC) Breisoiliúna & DVD	231,198	0
Bothanna Idirlín	31,198	0
Tuarascáil Oiliúna Rialaithe	70,000	0
Tionscadal CISM Coláiste Náisiúnta na hÉireann Má Nuad	95,703	0
	<u>1,973,291</u>	<u>1,408,183</u>

14 Creidiúnaí

Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	2007	2006
	€	€
Táillí Iniúchóireachta	8,000	7,680
Creidiúnaithe Trádála	44,953	46,344
Fabhruithe	67,548	79,570
	<u>120,501</u>	<u>133,594</u>

15 Fiachóirí & Réamhíocaíochtaí

	2007	2006
	€	€
Réamhíocaíocht	38,374	39,967
Fiachóirí		47,523
Fiachóirí & Réamhíocaíochtaí Iomlána	<u>38,374</u>	<u>87,490</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007

16 Sócmhainní Seasta

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

	Trealamh TEC	Trealamh Eile	Iomláin
	€	€	€
Costas nó Luacháil			
Ar an 1 Eanáir 2007	838,798	205,860	1,044,658
Breiseanna sa bhliain	12,240	0	12,240
Diúscairtí	60,737	29,077	89,814
Ar an 31 Nollaig 2007	<u>790,301</u>	<u>176,783</u>	<u>967,084</u>
Dímheas Carntha			
Ar an 1 Eanáir 2007	489,829	183,591	673,420
Táillí don bhliain	247,762	6,885	254,647
Diúscairtí	60,737	29,077	89,814
Ar an 31 Nollaig 2007	<u>676,854</u>	<u>161,399</u>	<u>838,253</u>
Glanluach Leabhair			
Ar an 31 Nollaig 2007	<u>113,447</u>	<u>15,384</u>	<u>128,831</u>
Ar an 31 Nollaig 2006	<u>348,969</u>	<u>22,268</u>	<u>371,237</u>

17 Cuntas Ciste Caipitil

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007

	2007	2006
	€	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir	371,237	327,927
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12,240	
	12,240	323,825
Lúide:		
Amúchadh ag teacht le dímheas – Nóta 16	254,647	280,515
Iarmhéid Dheiridh ar an 31ú Nollaig 2007	<u>128,831</u>	<u>371,237</u>



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig, 2007

18 Baill na Comhairle – Nochtadh ar Idirbhearta

Cloíonn an Chomhairle leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit faoi mar atá eisiithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa bhaill na Comhairle. I rith 2007 níor tháinig an Chomhairle ar aon idirbheartaíocht ar ghá í a nochtadh.

19 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Chomhairle faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 16 Aibreán 2008.